

# Foirm ESS1 - Cáin Ioncaim

## Tuairisceán Faisnéise ag Iontaobhaithe Scéim Cheadaithe Pháirtithe i mBrabús (Alt 510(8) Acht Comhdhlúite Cánacha 1997)



Luaigh é seo a leanas in aon  
chumarsáid le do thoil:

**PS**

### AN TRÉIMHSE DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2018

#### Ainm an Scéim Pháirtithe i mBrabús

(arna cheadú faoi Sceideal 11 Acht Comhdhlúite Cánacha 1997)

#### Léigh na Nótaí Mínitheacha atá leis seo sula gcomhlánaíonn tú an tuairisceán agus sula síníonn tú an dearbhú

Ní mór duit:

- (a) codanna A go F a chomhlánú
- (b) an dearbhú thíos a chomhlánú, agus
- (c) an fhoirm chomhlánaithe a sheoladh chuig an Rannán ainmnithe thíos ar **31 Márta 2019 nó roimhe.**

Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim,  
Rannán na Scéime Scaireanna d'Fhostaithe,  
Brainse Chánacha Pearsanta 1,  
An Rannán Beartas & Reachtaíocht um Chánacha Pearsanta,  
An Foirgneamh Stampála,  
Caisleán Bhaile Átha Cliath,  
Baile Átha Cliath 2.  
D02 HW86

Teileafón: +353-1-6475000

#### Pionóis: Gearrfar pionóis mura soláthraítear an tuairisceán riachtanach nó má dhéantar tuairisceán mícheart a sholáthar.

Más rud é nár tharla aon ghníomhaíocht sa scéim i gcaitheamh 2018 cuir tic sa bhosca, le do thoil,   
agus sínigh an dearbhú.

#### Ní mór duit an dearbhú seo a shíniú

Ar feadh m'eolais agus mo thuairime tá na sonraí go léir ar an bhfoirm seo cruinn agus iomlán.

Síniú Iontaobhaí

Dáta

Seoladh

Uimhir Theileafóin

# Cuid A Tuairisceán Faisnéise ag Iontribhaite an Iontribhaice Ceadaithe Pháirtithe i mBrabús.

## 1. Íocaíochtaí a fuair na hIontribhaite i gcaitheamh na bliana ó gach cuideachta rannpháirteach. (Nóta 1)

Ainm na Cuideachta	Líon na bhfostaithe	Líon na bhfostaithe incháilithe	Líon na bhfostaithe atá rannpháirteach	Dáta a bhfuarthas íocaíocht
An méid a fuarthas in € chun scaireanna a fháil			An méid a fuarthas in € chun íoc as costais riaracháin	

## 2. Scaireanna a fuair Iontribhaite le leithreasú chuig rannpháirtithe. (Nóta 2)

Líon na scaireanna	Dáta na fála	Costas iomlán na fála in € (lena n-áirítear costais theagmhasacha)

## 3. Scaireanna a leithreasaíodh chuig rannpháirtithe i gcaitheamh na bliana. - Ba chóir Cuid F a chomhlánú freisin. (Nóta 3)

Dáta leithreasaithe	Cur síos ar na scaireanna	Líon iomlán na scaireanna a leithreasaíodh	“Luach margaidh tosaigh” in € de gach scair ag am a leithreasaithe

Líon na rannpháirtithe	An líon scaireanna ba mhó a leithreasaíodh chuig aon rannpháirtí faoi leith	An líon rannpháirtithe a fuair an líon sin scaireanna

## 4. “Fáltais chaipitil” a fuair na hIontribhaite ar scaireanna na scéime i gcaitheamh na bliana. (Nóta 4)

Ba chóir Cuid C a chomhlánú freisin.

An cineál teidlíochta

Dáta na teidlíochta

 /  / 

An méid iomlán faighte ag na hIontribhaite

 €

An méid iomlán íoctha leis na rannpháirtithe

 €

Luach an fháltais in aghaidh na scaire

 €

“Luach iata” athbhreithnithe in aghaidh na scaire de gach leithreasú lena mbaineann sé

 €

## 5. “Eisiúintí de Cheart” (ba chóir sonraí bainteacha a iontráil i gCuid 4 agus 8, más cuí). (Nóta 5)

An méid faighte ag Iontribhaite ó dhiúscairt cearta a úsáideadh chun cearta eile a fheidhmiú

 €

An méid faighte ó na rannpháirtithe le cur ar chumas na hIontribhaite cearta a fheidhmiú

 €

Méid na scaireanna breise a fuarthas

 €

Costas iomlán na scaireanna breise a fháil (lena n-áirítear costais theagmhasacha)

 €

## Cuid A ar leanúint

**6. Diúscairt scaireanna ar ordú na rannpháirtithe.** Ba chóir cuid D a chomhlánú freisin. **(Nóta 6)**

Fáltais iomlána faighte ag an hlontaobhaithe

An méid iomlán íoctha leis na rannpháirtithe

Luach iomlán "iata" na scaireanna a diúsraíodh

**7. Aistriú scaireanna chuig na rannpháirtithe.** Ba chóir cuid E a chomhlánú freisin. **(Nóta 7)**

Luach iomlán "iata" na scaireanna a aistríodh chuig na rannpháirtithe

Cáin iomlán faighte ag lontaobhaithe ó rannpháirtithe i gcomhair aistriú den sórt sin

An dáta a íocadh an cháin sin leis na Coimisinéirí Ioncaim

Uimhir Fháltais na gCoimisinéirí Ioncaim

**8. Atheagrú agus/nó Atógáil Caipitil. (Nóta 8)**

Sonraí faoin gcineál atheagraithe a rinneadh ar an scéim agus faoina thoradh srl.

  

"Luach iata" athbhreithnithe de gach aicme scaireanna agus an leithreasú a rinneadh i

**9. Athruithe agus/nó leasuithe a rinneadh ar an Scéim lontaobhais. (Nóta 9)**

Sonraí faoi aon athruithe srl. a rinneadh ar an Ionstraim lontaobhais nó ar Rialacha na Scéime (Ceangail cóipeanna de na doiciméid leasaithe iomchuí murar seoladh isteach cheana iad)

  

**10. Dlíteanas ag éirí faoi Alt 805 den Acht Comhdhlúite Cánacha 1997 ar dhíbhinní nó ar ioncam eile. (Nóta 10)**

**Áireamh ioncaim inmhuirir faoi Alt 805  
Acht Comhdhlúite Cánacha 1997**

**Ríomh cánach inmheasúnaithe ar  
lontaobhaithe**

**11. Feidmiú cumhachtaí atá san Ionstraim lontaobhais nó i Rialacha na Scéime. (Nóta 11)**

Cineál cumhachta

Dáta ar feidhmíodh í

## Cuid B Ioncaim, Eisíocaíochtaí agus Gnóthachain Chaipitiúla. (Nótaí 12 - 14)

(Má tá sé níos caoithiúla sceideal faoi leith a cheangal leis an bhfoirm seo, ní gá ach iomlán an ollioncaim, na cánach a íocadh agus an caiteachas a rinneadh a thaifeadadh sna codanna cuí.)

### 12. Ioncam de thoradh scaireanna leithreasaithe

(is cuma má íocadh iad leis na rannpháirtithe ag deireadh na bliana nó nár íocadh)

Cur síos ar ioncam

Faighte  €

Cáin Shiarchoinneálach/Creidmheas cánach  €

### 13. Ioncam de thoradh scaireanna neamhleithreasaithe sa chuideachta

Cur síos ar ioncam

Faighte  €

Cáin Shiarchoinneálach/Creidmheas cánach  €

### 14. Ioncam ó aon fhoinse eile bíodh cáin íoctha air nó ná bíodh

Cur síos ar ioncam

Faighte  €

Cáin asbhainte/creidmheas  €

### 15. Costais bhainistíochta nó riaracháin. (Nóta 15)

Cineál costais

Íoctha ag lontaobhaithe  €

Íoctha ag an gcuideachta  €

## Cáin Ghnóthachan Caipitiúil: An tréimhse dar críoch 31 Nollaig 2018

### 16. Gnóthachain ar dhíuscairtí atá inmhuirir ar lontaobhaithe [gan a chur san áireamh díuscairt scaireanna a leithreasaíodh chuig rannpháirtithe laistigh de 18 mhí ó am a bhfála (féach Cuid 3) agus díuscairt scaireanna ar ordú na rannpháirtithe (féach Cuid 6)] (Nóta 16)

Cur síos ar sócmhainn

Dáta diúscartha  / /

Fáltais diúscartha  €

Áireamh an dliteanais CGC don bhliain

### 17. Sócmhainní inmhuirir faighte ag lontaobhaithe (seachas scaireanna a fuarthas i gcomhair leithreasaithe (féach Cuid 2)) (Nóta 17)

Dáta na fála  / / Cur síos

Costas iomlán na fála  €

## TEIDLÍOCHT AR “FÁLTAIS CHAIPITIL”

Ainm an Iontaobhais Pháirtithe i mBrabús \_\_\_\_\_

Ainm na Cuideachta atá Rannpháirteach \_\_\_\_\_

*Léirigh na suimeanna in Euro le do thoil*

1	2	3	4	5	6
Ainm an Rannpháirtí (Cuir réiltín le hainm na stiúrthóirí go léir)	Uimhir PSP	Luach an Fháiltais Chaipitil	“Luach Iata” na scaireanna bainteacha roimh fáiltas	Dáta leithreasaithe na scaireanna bainteacha	“Céatadán cuí” infheidhmithe (Nóta 19)

## DIÚSCAIRT SCAIREANNA AR ORDÚ RANNPHÁIRTITHE

Ainm an Iontaobhais Pháirtithe i mBrabús \_\_\_\_\_

Ainm na Cuideachta atá Rannpháirteach \_\_\_\_\_

*Léirigh na suimeanna in Euro le do thoil*

1	2	3	4	5	6	7	8
Ainm an Rannpháirtí (Cuir réiltín le hainm na stiúrthóirí go léir)	Uimhir PSP	Líon na scaireanna a diúscaíodh	Dáta na diúscairthe	Dáta leithreasaithe na scaireanna bainteacha	Fáltais na diúscairthe (Nóta 20)	“Luach iata” na scaireanna a diúscaíodh	“Céatadán cuí” infheidhmithe (Nóta 19)

## AISTRÍÚ SCAIREANNA CHUIG RANNPHÁIRTITHE

Ainm an Iontaobhais Pháirtithe i mBrabús \_\_\_\_\_

Ainm na Cuideachta atá Rannpháirteach \_\_\_\_\_

*Léirigh na suimeanna in Euro le do thoil*

1	2	3	4	5	6	7	8	9
Ainm an Rannpháirtí (Cuir réiltín le hainm na stiúrthóirí go léir)	Uimhir PSP	Líon na scaireanna a aistríodh	Dáta an aistrithe	Dáta leithreasaithe na scaireanna bainteacha	Luach margaidh iomlán na scaireanna a aistríodh	“Luach iata” na scaireanna a aistríodh	“Céatadán cuí” infheidhmithe (Nóta 19)	Cáin a íocadh le hlontaobh-aithe

## SCAIREANNA LEITHREASAITHE CHUIG RANNPHÁIRTITHE

Ainm an Iontaobhais Pháirtithe i mBrabús \_\_\_\_\_

Ainm na Cuideachta atá Rannpháirteach \_\_\_\_\_

Líon Iomlán na “bhFostaithe” \_\_\_\_\_

Líon Iomlán na “bhFostaithe Incháilithe” \_\_\_\_\_

Líon na “bhFostaithe Incháilithe” atá Rannpháirteach \_\_\_\_\_

**Léirigh na suimeanna in Euro le do thoil**

1	2	3	4	5	6
Ainm an Rannpháirtí (Cuir réiltín le hainm na stiúrthóirí go léir)	Uimhir PSP	Bunús áirimh na teidlíochta (Nóta 21)	Luach teidlíocht na rannpháirtithe faoin scéim (Nóta 22)	Líon iomlán na scaireanna a leithreasaíodh*	“Luach margaidh tosaigh” na scaireanna leithreasaithe

Deimhnigh an bhfuil foráil sa scéim maidir le “Tuarastal a ligean thar ceal” agus má tá ar ceadaíodh é i gcomhair na bliana seo Tá/Níl

Ceadaíodh/Níor ceadaíodh

Deimhnigh an bhfuil foráil sa scéim maidir le “Ceannaithe/Ag Meaitseáil” agus má tá ar ceadaíodh é i gcomhair na bliana seo Tá/Níl

Ceadaíodh/Níor ceadaíodh

\*Tabhair mionchuntas ar luach na scaireanna a bhain le “Tuarastal a ligean thar ceal”, scaireanna “Ceannaithe”, scaireanna “Meaitseáilte” agus scaireanna eile nuair is cuí. Caithfear suimeanna iomlána a thabhairt maidir le gach catagóir



# NÓTAÍ MÍNITHEACHA

[Is féidir tuilleadh faisnéise a fháil sa Treoir maidir le Scéimeanna Páirtithe i mBrabús atá ar láithreán gréasáin na gCoimisinéirí Ioncaim ag [www.revenue.ie](http://www.revenue.ie)]

## FOIRM ESS1

**Nóta Ginearálta** - Éilítear ort faoi Alt 510(8) Acht Comhdhlúite Cánacha 1997 tuairisceán a dhéanamh den fhaisnéis atá curtha ar fáil san fhoirm seo.

Tá foráil sa dlí go ngearrfaí pionóis sa chás nach gcuirtear tuairisceán isteach, go ndéantar tuairisceán bréagach nó go n-éascaítear a leithéid a dhéanamh.

Tá foráil sa dlí freisin go bhféadfaidh na Coimisinéirí Ioncaim ceadú scéime a tharraingt siar má theipeann ar iontaobhaithe na scéime tuairisceán a dhéanamh.

### **Nóta 1. Íocaíocht le hiontaobhaithe ag cuideachta rannpháirteach**

Scríobh síos ainm na cuideachta a thugann íocaíocht do na hiontaobhaithe. Is é ainm na cuideachta a bhunaigh an scéim atá i gceist anseo ach más tuairisceán é seo i gcomhair “grúpscéime” scríobh síos ainm gach “cuideachta rannpháirteach” a rinne íocaíocht leis na hiontaobhaithe i gcaitheamh na bliana. Ba chóir na híocaíochtaí ó gach cuideachta a roinnt idir na suimeanna a fuarthas chun scaireanna a fháil lena leithreasú chuig na rannpháirtithe (lena n-áirítear na costais theagmhasacha a bhain le fáil na scaireanna), agus na suimeanna a fuarthas chun íoc as costais na n-iontaobhaithe ag riaradh na scéime. Ní cóir ach glanmhéid na híocaíochta a chur isteach más rud é gur cuireadh aon íocaíochtaí ar ais chuig an gcuideachta toisc iad a bheith iomarcach.

### **Nóta 2. Scaireanna faighte ag iontaobhaithe le leithreasú chuig rannpháirtithe**

Caithefear iontráil faoi leith a dhéanamh i gcás gach scair a fuair na hiontaobhaithe i rith na bliana.

### **Nóta 3. Scaireanna a leithreasaíodh chuig rannpháirtithe**

Iontráil sonraí faoi leith i gcomhair gach ócáid inar leithreasaíodh scaireanna chuig na rannpháirtithe.

Is éard atá i gceist le “luach margaidh tosaigh” scaire ar bith ná:

- a luach margaidh ar dháta a leithreasaíodh, nó
- a luach margaidh ar dháta nó ar dhátaí níos luaithe de bhua socraithe roimh ré a rinneadh idir na hiontaobhaithe agus na Coimisinéirí Ioncaim.

Ba chóir cuid F a chomhlánú freisin.

### **Nóta 4. Fáltais chaipitil faighte ag iontaobhaithe ar scaireanna na scéime**

Má bhíonn scaireanna scéime ina seilbh ag iontaobhaithe d’fhéadfaidís a bheith i dteideal “fáltais chaipitil” a fháil (Alt 513 Acht Comhdhlúite Cánacha 1997) agus má fuarthas a leithéid de shuimeanna níos mó ná uair amháin i gcaitheamh na bliana ba chóir taifead faoi leith a dhéanamh faoi gach ócáid. Ní cóir aon fháltas a thaifeadh maidir le diúscairt “Eisiúint de Cheart” a úsáideadh chun cearta eile den sórt sin a fheidhmiú (féach Cuid 5). Iontráil sonraí faoi chineál agus luach an “fháltais chaipitil” in aghaidh na scaire. A luaithe is a bhíonn rannpháirtí i dteideal “fáltas caipitil” a fháil baintear luach an fháltais sin ó “luach iata” na scaireanna sin ar fhoinse na teidlíochta sin iad, agus ba chóir an “luach iata” athbhreithnithe a thaifeadh. Ba chóir áireamh an luacha athbhreithnithe a thabhairt ar leathanach faoi leith.

Ba chóir Cuid C a chomhlánú freisin.

### **Nóta 5. Eisiúintí de Cheart**

Ós rud é gur “athstruchtúrú cuideachta” é “eisiúint de cheart” ní mór taifead a dhéanamh faoi i gCuid 8. Má tharla sé gur eascair aon “fháltais chaipitil” de thoradh diúscairt cearta de bharr “eisiúint de cheart”, agus más rud é nár úsáideadh na fáltais chun cearta eile den sórt sin a fheidhmiú ba chóir na sonraí ábhartha a iontráil i gCuid 4.

### **Nóta 6. Diúscairt scaireanna ar ordú na rannpháirtithe**

Iontráil iomlán na bhfáltais a fuair na hiontaobhaithe i leith na scaireanna a dhíol siad ar ordú na rannpháirtithe.

Ba chóir an méid iomlán a d’íoc na hiontaobhaithe le gach rannpháirtí a thaifeadh freisin mar aon le “luach iata” na scaireanna ar an dáta a diúscaíodh iad.

Ba chóir Cuid D a chomhlánú freisin.

## **CUID A - AN FHAISNÉIS A SHEOLADH AR AIS**

### **Nóta 7. Aistriú scaireanna chuig rannpháirtithe**

Féadfaidh rannpháirtí ordú a thabhairt do na hiontaobhaithe a c(h)uid scaireanna a aistriú chuige nó chuici tar éis deireadh na tréimhse coinneála agus roimh an dáta fuascailte. Caithfear an t-aistriú a dhéanamh ar choinníoll go n-íocann sé nó sí roimh ré suim arb ionann é agus an cháin ioncaim ag an ráta caighdeánach ar an “gcéatadán cuí” de “luach iata” na scaireanna ag an am a tugadh an t-ordú. Sa cás sin iontráil:

- “luach iata” na scaireanna a aistríodh, agus
- an cháin iomlán a fuarthas ó na rannpháirtithe maidir le haistrithe den sórt sin.

Ba chóir Cuid E a chomhlánú freisin.

### **Nóta 8. Atheagrú agus/nó atógáil caipitil**

Iontráil sonraí maidir le gach atheagrú agus atógáil mar aon le sonraí maidir le:

- bónaseisiúintí
- eisiúintí de cheart
- athruithe ar chearta a bhaineann le haicme scaireanna
- comhshó urrús lena n-áirítear malartuithe
- cónascadh cuideachta agus táthcheangail
- laghdú nó atheagrú scairchaipitil.

Sa chás ina ndearnadh atheagrú ar chuideachta ní mór:

- fáil amach cad é “luach iata” comhiomlán na “seanscaireanna comhfhreagracha” roimh an atheagrú a mbeadh an “luach iata” céanna acu, agus
- an “luach iata” sin a leithdháileadh i measc na seanscaireanna atá fós sa sealúchas nua agus na scaireanna nua, pro rata, de réir a luach go díreach i ndiaidh an atheagraithe.

Is trí thagairt dá “luach iata” díreach i ndiaidh an atheagraithe, á ríomh faoi mar atá leagtha amach thuas, a ghearrfar aon cháin ioncaim ina dhiaidh sin maidir leis na scaireanna sa sealúchas nua. Ba chóir sonraí a thaifeadadh maidir le “luach iata” gach scaire de gach aicme scaireanna agus den leithreasú a rinneadh. Ba chóir sonraí an áirímh a thabhairt ar leathanach faoi leith más gá é sin.

### **Nóta 9. Athruithe agus/nó leasuithe ar an iontaobhas scéime**

Má dhéantar athrú ar théarmaí scéime ceadaithe nó dá gníomhas iontaobhais ceadaithe cuirfear deireadh go huathoibríoch leis an gcead ach amháin má cheadaíonn na Coimisinéirí Ioncaim an t-athrú. Ar an ábhar sin tá sé riachtanach go gcuirfí Rannán na Scéime Scaireanna d’Fhostaithe ar an eolas sula ndéantar aon athrú.

### **Nóta 10. Dlíteanas faoi Alt 805 Acht Comhdhlúite Cánacha 1997**

D’fhéadfadh foráil a bheith sa ghníomhas iontaobhais go gcoinneodh na hiontaobhaithe scaireanna i bhfoirm neamhleithreasaithe nó i gcomhair infheistíochtaí nó réadmhaoine eile a bheadh ina seilbh acu go sealadach. Má bhíonn aon ioncam ann óna leithéid de scaireanna nó de réadmhaoine nó eile sa chaoi nach ndéantar maoin an tairbhí láithreach de, is dóigh go mbeidh a leithéid d’ioncam inchánach ag an ráta breise de réir Alt 805 Acht Comhdhlúite Cánacha 1997 (faoi réir aon fhaoiseamh a bhfuil foráil de ag Alt 510(6) Acht Comhdhlúite Cánacha 1997).

### **Nóta 11. Feidhmiú Cumhachtaí**

D’fheádfadh cumhachtaí a bheith sa ghníomhas iontaobhais a d’athródh an cineál leasa atá ag na tairbhíthe nó d’fhéadfadh siad dochar a dhéanamh fiú do cheadú faoi Sceideal 11 Acht Comhdhlúite Cánacha 1997 dá gcuirfí i bhfeidhm iad. Má fheidhmítear aon chumhacht, trí Ghníomhas nó ar aon bhealach eile, ba chóir na sonraí iomlána a chur isteach.

### **Nótaí 12-14 Ginearálta**

## **CUID B - IONCAM, EISÍOCAÍOCHTAÍ agus GNÓTHACHAIN CHAIPITIÚLA**

Ní mór tuairisceán faoin ioncam iomlán ag eascairt chuig na hiontaobhaithe a sholáthar is cuma más ó scaireanna leithreasaithe nó ó fhoinsé eile a thagann sé. Má tá sé níos caoithiúla sceideal ioncaim mar aon lena fhoinsí a cheangal leis an bhfoirm seo ní gá ach figiúirí iomlána an ollioncaim agus na cánach a íocadh a iontráil sna codanna cuí.

### **Nóta 15. Costais Bhainistíochta agus/nó Riaracháin**

Ba chóir sonraí a sholáthar faoi chostais ar bith a thabhaigh na hiontaobhaithe ó thaobh riaradh an iontaobhais nó bailiú an ioncaim, bídis de réir téarmaí an ghníomhais iontaobhais nó eile. Ní áirítear leis seo costas bailithe cíosanna, costas cothabhála nó árachas réadmhaoine.

### **Nóta 16. Diúscairtí chun Críche Cánach Ghnóthachan Caipitiúil**

Úsáidtear na gnáthrialacha maidir le Cáin Ghnóthachan Caipitiúil le socrú cén “diúscairt” a dhéanann na hiontaobhaithe, ach tá an dá eisceacht seo a leanas ann:

- i gcás iontaobhais pháirtithe i mbrabús ceadaithe glactar leis chun críche Cháin Ghnóthachan Caipitiúil go bhfuil an rannpháirtí i dteideal go huile agus go hiomlán a c(h)uid scaireanna a bheith aige nó aici ó dháta an leithreasaithe. Ciallaíonn sé sin go nglactar leis ó dháta an leithreasaithe gur “iontaobhaithe nochta” iad na hiontaobhaithe agus nach ócáid inmhuirir dóibh diúscairt scaireanna leithreasaithe na scéime, agus
- go bhfuil na hiontaobhaithe díolmhaithe go sonrach ó Cháin Ghnóthachan Caipitiúil ag an am a leithreasaítear na scaireanna chuig rannpháirtí, ar choinníoll go ndéantar an leithreasú laistigh d’ocht mí dhéag ó fhaightear iad. Úsáidtear an riail gurb é an chéad cheann isteach an ceann is túisce amach nuair atá cinneadh á dhéanamh ar leithreasaíodh na scaireanna laistigh d’ocht mí dhéag.

Maidir le dliteanas Cánach Ghnóthachan Caipitiúil na n-iontaobhaithe nach gcuirtear ar ceal leis an dá riail speisialta thuas, déantar é a áireamh sa ghnáthbhealach faoi fhorálacha Cháin Ghnóthachan Caipitiúil. Ba chóir duit sonraí a chur isteach maidir le gach “sócmhainn inmhuirir” a diúscaíodh mar aon leis an áireamh a rinne tú faoin ngnóthachan inmhuirir nó caillteanas ceadaithe ar gach diúscairt. Ba chóir sonraí an áirimh a sholáthar ar leathanach faoi leith más gá.

### **Nóta 17. Sócmhainní inmhuirir a fuarthas**

Ba chóir duit sonraí a chur isteach faoi gach “sócmhainn inmhuirir” a fuair na hiontaobhaithe i gcaitheamh na bliana ach amháin i gcás scaireanna a fuarthas lena leithreasú chuig na rannpháirtithe.

### **Nóta 18.**

Ba chóir Codanna C, D, E agus F a chomhlánú faoi mar atá leagtha síos i Nótaí 3, 4, 6 agus 7 thuas. Ba chóir codanna C, D, E agus F a chomhlánú i gcomhair gach “cuideachta rannpháirteach” i gcás “grúpscéimeanna”.

### **Nóta 19. “Céatadán Cuí”**

Is é 100% an “céatadán cuí” de ghnáth. Sa chás, áfach, nuair atá aois inphinsin sroichte ag an rannpháirtí (aois a shainmhínítear chun críche Leasa Shóisialaigh mar aois 66 bliain d’aois) nó má tá an té sin tar éis éirí as fostaíocht de bharr gortaithe, míchumais nó iomarcaíochta is é 50% an “céatadán cuí”. Ba chóir duit a thabhairt le fios ar an bhfoirm más é 50% an “céatadán cuí” agus ba chóir duit na cúinsí bainteacha a shonrú.

### **Nóta 20.**

Má laghdaíodh fáltais na diúscairtí faoi Alt 512(4) Acht Comhdhlúite Cánacha 1997 (.i. nuair atá fócaíocht déanta ag an rannpháirtí chuig na hiontaobhaithe le cur ar a gcumas cearta a fheidmiú faoi “eisiúint de cheart”) ba chóir é sin a shonrú agus ba chóir a insint ar leathanach faoi leith conas a ríomhadh an laghdú.

### **Nóta 21.**

Más rud é go ríomhtar teidlíocht an rannpháirtí faoin scéim pháirtithe i mbrabús trí thagairt a dhéanamh don tuarastal, don achar seirbhíse atá tugtha aige nó aici srl., ba chóir duit an tuarastal nó an t-achar seirbhíse atá i gceist a shonrú. Má tharlaíonn sé i mbliain ar bith go mbunaítear leithreasú, nó cuid de leithreasú, ar thuarastal a ligeadh thar ceal agus/nó ar scaireanna ceannaithe ag an rannpháirtí lena (h)acmhainní féin ba chóir mionchuntas a sholáthar ar leathanach faoi leith maidir le líon na scaireanna a leithreasaíodh.

### **Nóta 22.**

Ba chóir duit luach iomlán na teidlíochta atá ag rannpháirtí faoin scéim a shonrú fiú má tá rogha déanta aige nó aici gan a t(h)eidlíocht iomlán a shásamh trí leithreasú na scaireanna.

Bailíonn na Coimisinéirí Ioncaim cánacha agus dleachtanna agus cuireann siad rialuithe custam i bhfeidhm. Iarrann na Coimisinéirí Ioncaim ar chustaiméirí sonraí pearsanta áirithe a sholáthar chun na gcríocha seo agus chun roinnt feidhmeanna eile reachtúla a chomhlíonadh, faoi mar a shannann an tOireachtas. Féadtar do sonraí pearsanta a mhalartú le Ranna agus gníomhaireachtaí eile Rialtais faoi chúinsí áirithe sa chás go bhforáiltear seo sa dlí. Tá sonraí iomlána faoi bheartas um chosaint sonraí na gCoimisinéirí Ioncaim ina leagtar amach an gcaoi a n-úsáidfidimid do sonraí pearsanta chomh maith le eolas i ndáil le do chearta mar ábhar sonraí ar fáil ar ár leathanach **Príobháideachas** ar [www.revenue.ie](http://www.revenue.ie). Tá sonraí faoin mbeartas seo ar fáil i gcrúachóip chomh maith, ach é sin a iarraidh.